Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2020 (OR. en)**

**12481/20**

**AGRI 390**
**AGRIFIN 105**
**FIN 807**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10760/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *Using new imaging technologies to monitor the Common Agricultural Policy: steady progress overall, but slower for climate and environment monitoring* [Teicneolaíochtaí íomháithe nua a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta: dul chun cinn seasta ar an iomlán, ach níos moille i gcás faireachán a dhéanamh ar an aeráid agus an comhshaol]<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Using new imaging technologies to monitor the Common Agricultural Policy: steady progress overall, but slower for climate and environment monitoring* [Teicneolaíochtaí íomháithe nua a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta: dul chun cinn seasta ar an iomlán, ach níos moille i gcás faireachán a dhéanamh ar an aeráid agus an comhshaol], mar a glacadh é leis an nós imeachta i scríbhinn an 6 Deireadh Fómhair 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***Using new imaging technologies to monitor the Common Agricultural Policy: steady progress overall, but slower for climate and environment monitoring [Teicneolaíochtaí íomháithe nua a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta: dul chun cinn seasta ar an iomlán, ach níos moille i gcás faireachán a dhéanamh ar an aeráid agus an comhshaol]***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2020 ón gCúirt dar teideal *Using new imaging technologies to monitor the Common Agricultural Policy: steady progress overall, but slower for climate and environment monitoring* [Teicneolaíochtaí íomháithe nua a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta: dul chun cinn seasta ar an iomlán, ach níos moille i gcás faireachán a dhéanamh ar an aeráid agus an comhshaol], lena ndéantar scrúdú ar a mhéid a bhaineann an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit úsáid as na teicneolaíochtaí nua sin chun an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) a bhainistiú agus a rialú;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún 'seiceálacha trí fhaireachán' a chur chun cinn mar phríomhchóras rialaithe do ghníomhaireachtaí íocaíochta, úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun faireachán a dhéanamh ar cheanglais chomhshaoil agus aeráide agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun bacainní ar a nglacadh níos leithne a bhaint;

3. ADMHAÍONN SÍ an poitéinseal a bhaineann le teicneolaíochtaí nua íomháithe a úsáid, amhail sonraí satailíte Sentinel Copernicus, íomhánna arna dtógáil ag ladrainn agus íomhánna geochlibeáilte, chun CBT a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, e.g. chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha CBT ag feirmeoirí, amhail cabhair dhíreach limistéarbhunaithe d'fheirmeoirí, agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ar fheidhmíocht na gceanglas aeráide agus comhshaoil;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS, i gcás aistriú chuig cur chuige 'seiceálacha trí fhaireachán', gur gá athruithe suntasacha a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar chórais TF, acmhainní agus saineolas na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go ndéanfaí tuilleadh machnaimh sa chás sin ar na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar iniúchtaí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo faoin gcur chuige nua, ar úsáid chomhthreomhar na gcóras faireacháin traidisiúnta agus nua le linn idirthréimhse, ar an gcuspóir foriomlán CBT a shimpliú, lena n-áirítear an Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR), agus ar theorainn a chur leis an ualach riaracháin agus leis na costais do lucht riaracháin agus do na tairbhithe;

5. MEASANN SÍ go bhféadfadh an cur chuige 'seiceálacha trí fhaireachán' cosc a chur ar an neamhchomhlíonadh seachas pionós a ghearradh ar fheirmeoirí ina dhiaidh sin ach IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le 'seiceálacha trí fhaireachán' chun go bhféadfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta na cinntí cearta a dhéanamh agus an riosca a laghdú go ndéanfar ceartuithe airgeadais amach anseo mar thoradh ar nós imeachta an Choimisiúin maidir le himréiteach comhréireachta;

6. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil seasamh na Comhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta nua agus an eolais nua, go háirithe úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha, chun críocha faireachán a dhéanamh ar an mbeartas agra-comhshaoil-aeráide agus chun dlús a chur le sonraí agus faisnéis iomlán, saor in aisce agus oscailte a úsáid, á cheapadh faoi láthair toisc go bhfuil tograí reachtacha CBT tar éis 2020 faoi chaibidil ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa; DEARBHAÍONN SÍ sa chomhthéacs sin go ndéanfar barúlacha agus moltaí na Cúirte mar aon leis na freagraí ón gCoimisiún ar Thuarascáil Speisialta na Cúirte a chur san áireamh go cuí i bpléití na Comhairle.